Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**14446/25**

**ECOFIN 1410**
**UEM 513**
**FIN 1246**
***ECB***
***EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh do Lucsamburg an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Eanáir 2023[3], an 23 Meán Fómhair 2024[4] agus an 14 Aibreán 2025[5].

(2) An 15 Meán Fómhair 2025 rinne Lucsamburg iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag Lucsamburg.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir Lucsamburg isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 16 bheart.

---

[2] Féach doiciméid ST 10155/21 agus ST 10155/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
[3] Féach doiciméad ST 16022/22 ag http://register.consilium.europa.eu.
[4] Féach doiciméid ST 12569/24 agus ST 12569/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
[5] Féach doiciméid ST 7450/25 agus ST 7450/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh Lucsamburg nach féidir trí bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh mar gheall ar dhúshláin theicniúla gan choinne a chuir moill shuntasach ar a gcur chun feidhme. Baineann sé sin le bearta LU-C[3A]-R[R1] (Athchóiriú 1: Cruthú éiceachórais teicneolaíochta nua a chothú i Lucsamburg), LU-C[3A]-I[I1] (Infheistíocht 1: Bonneagar tástála agus réitigh nascachta sárshlána a fhorbairt agus a chur in úsáid) agus LU-C[3B]-I[I3] (Infheistíocht 3: eADEM). Ar an mbonn sin, d'iarr Lucsamburg cloch mhíle 3A-1 de LU-C[3A]-R[R1] (Athchóiriú 1: Cruthú éiceachórais teicneolaíochta nua a chothú i Lucsamburg) agus cloch mhíle 3A-5 de LU-C[3A]-I[I1] (Infheistíocht 1: Bonneagar tástála agus réitigh nascachta sárshlána a fhorbairt agus a chur in úsáid) a scriosadh. Thairis sin, d'iarr Lucsamburg an tuairisc ar LU-C[3A]-I[I1] (Infheistíocht 1: Bonneagar tástála agus réitigh nascachta sárshlána a fhorbairt agus a chur in úsáid) agus cloch mhíle 3A-4 de LU-C[3A]-I[I1] (Infheistíocht 1: Bonneagar tástála agus réitigh nascachta sárshlána a fhorbairt agus a chur in úsáid); an tuairisc ar LU-C[3B]-I[I3] (Infheistíocht 3: eADEM) agus cloch mhíle 3B-12 de LU-C[3B]-I[I3] (Infheistíocht 3: eADEM) a leasú. Thairis sin, d'iarr Lucsamburg an cloch mhíle idirmheánach 3B-11 de LU-C[3B]-I[I3] (Infheistíocht 3: eADEM) a scriosadh. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(5) Mhínigh Lucsamburg nach féidir an beart sin a bhaint amach ina iomláine, de bharr easpa éilimh. Baineann sé sin le beart LU-C[4A]-I[I3] (Infheistíocht 3: Aonaid giniúna cumhachta fótavoltaí a thógáil in áitribh ghnó). Ar an mbonn sin, d'iarr Lucsamburg sprioc 4A-7 de LU-C[4A]-I[I3] (Infheistíocht 3: Aonaid giniúna cumhachta fótavoltaí a thógáil in áitribh ghnó) a leasú. Thairis sin, d'iarr Lucsamburg an tuairisc ar LU-C[4A]-I[I3] (Infheistíocht 3: Aonaid giniúna cumhachta fótavoltaí a thógáil in áitribh ghnó) agus sprioc 4A-6 de LU-C[4A]-I[I3] (Infheistíocht 3: Aonaid giniúna cumhachta fótavoltaí a thógáil in áitribh ghnó) a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(6) Tá mínithe ag Lucsamburg go bhfuil beart amháin leasaithe chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme chun a uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le beart LU-C[1B]-R[R2] (Athchóiriú 2: Athchóiriú ar rialáil inniúlachtaí gairmithe cúraim sláinte). Ar an mbonn sin, d'iarr Lucsamburg cloch mhíle 1B-4 de LU-C[1B]-R[R2] (Athchóiriú 2: Athchóiriú ar rialáil inniúlachtaí gairmithe cúraim sláinte a leasú agus tús áite a thabhairt di). Thairis sin, d'iarr Lucsamburg an tuairisc ar LU-C[1B]-R[R2] (Athchóiriú 2: Athchóiriú ar rialáil inniúlachtaí gairmithe cúraim sláinte) agus cloch mhíle 1B-5 de LU-C[1B]-R[R2] (Athchóiriú 2: Athchóiriú ar rialáil inniúlachtaí gairmithe cúraim sláinte) a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(7) Tá mínithe ag Lucsamburg go bhfuil deich mbeart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin leis an tuairisc ar LU-C[1B]-I[I2] (Infheistíocht 2: Réiteach teilileighis chun cianobair leantach leighis a dhéanamh ar othair) agus cloch mhíle 1B-8 de LU-C[1B]-I[I2] (Infheistíocht 2: Réiteach teilileighis chun cianobair leantach leighis a dhéanamh ar othair); an tuairisc ar LU-C[1C]-I[R1] (Athchóiriú 1: an Comhshocrú Tithíochta 2.0); an tuairisc ar LU-C[2A]-I[I1] (Infheistíocht: Scéim tacaíochta maidir le pointí athluchtaithe) agus sprioc 2A-4 de LU-C[2A]-I[I1] (Infheistíocht: Scéim tacaíochta maidir le pointí athluchtaithe); an tuairisc ar LU-C[2B]-I[R1] (Athchóiriú agus Infheistíocht: 'Naturpakt') agus sprioc 2B-5 de LU-C[2B]-R[R1] (Athchóiriú agus Infheistíocht: 'Naturpakt'); an tuairisc ar LU-C[3B]-I[I1] (Infheistíocht 1: Bainistiú doiciméad leictreonach agus Bainistiú cáis) agus sprioc 3B-4 de LU-C[3B]-I[I1] (Infheistíocht 1: Bainistiú doiciméad leictreonach agus Bainistiú cáis); an tuairisc ar LU-C[3B]-I[I4] (Infheistíocht 4: Ardán náisiúnta le haghaidh bainistiú suirbhéanna poiblí) agus sprioc 3B-14 de LU-C[3B]-I[I4] (Infheistíocht 4: Ardán náisiúnta le haghaidh bainistiú suirbhéanna poiblí); an tuairisc ar LU-C[3C]-I[R2] (Athchóiriú 2: An comhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta) agus cloch mhíle 3C-7 de LU-C[3C]-R[R2] (Athchóiriú 2: An comhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta); an tuairisc ar LU-C[4A]-I[R1] (Athchóiriú 1: Táirgeadh bithgháis inbhuanaithe a chur chun cinn) agus cloch mhíle 4A-1 de LU-C[4A]-R[R1] (Athchóiriú 1: Táirgeadh bithgháis inbhuanaithe a chur chun cinn); an tuairisc ar LU-C[4A]-I[I1] (Infheistíocht 1: Éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite i dtithíocht a chur chun cinn) agus sprioc 4A-3 de LU-C[4A]-I[I1] (Infheistíocht 1: Éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite i dtithíocht a chur chun cinn); agus an tuairisc ar LU-C[4A]-I[I2] (Infheistíocht 2: Astaíochtaí nialasacha agus soghluaisteacht ghníomhach a chur chun cinn) agus sprioc 4A-5 de LU-C[4A]-I[I2] (Infheistíocht 2: Astaíochtaí nialasacha agus soghluaisteacht ghníomhach a chur chun cinn).

Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Lucsamburg go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Thairis sin, d'iarr Lucsamburg an sprioc idirmheánach 1C-2 de LU-C[1C]-I[R1] (Athchóiriú 1: an Comhshocrú Tithíochta 2.0), cloch mhíle 2A-3 de LU-C[2A]-I[I1] (Infheistíocht: Scéim tacaíochta maidir le pointí athluchtaithe), spriocanna idirmheánacha 2B-3 agus 2B4 de LU-C[2B]-I[R1] (Athchóiriú agus Infheistíocht: 'Naturpakt'); agus spriocanna idirmheánacha 3B-2 agus 3B-3 de LU-C[3B]-I[I1] (Infheistíocht 1: Bainistiú doiciméad leictreonach agus Bainistiú cáis) a scriosadh. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(8) Tar éis leibhéal cur chun feidhme na mbeart a bhaint agus a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag Lucsamburg úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh trí na bearta a bhaint agus tríd an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun leibhéal cur chun feidhme dhá bheart a mhéadú. Baineann sé sin le bearta LU-C[2A]-I[I1] (Infheistíocht 1: Scéim tacaíochta maidir le pointí athluchtaithe), LU-C[2B]-I[R1] (Athchóiriú agus Infheistíocht: 'Naturpakt') agus LU-[4A]-I[I4] (Infheistíocht 4: Beart méadaithe: Infheistíocht [2A-I1] Scéim tacaíochta maidir le pointí athluchtaithe). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Lucsamburg beart nua amháin a chur leis agus leibhéal cur chun feidhme dhá bheart a mhéadú.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(9) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir Lucsamburg i láthair a chur san áireamh.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(10) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(11) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir Lucsamburg chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (i) (j) agus (k) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(12) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, 82,3 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe atá ann, agus 90,3 % de chostas iomlán measta na mbeart sa chaibidil REPowerEU atá ann, costais arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.

(13) Mar thoradh ar na bearta leasaithe, tagann méadú beag ar rannchuidiú foriomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leis an aistriú glas.. Cé go bhfuil laghdú beag tagtha ar leibhéal uaillmhiéne bheart LU-C[4A]-I[3] (Infheistíocht 3: Aonaid giniúna cumhachta fótavoltaí a thógáil in áitribh ghnó', tá méadú tagtha ar leibhéal uaillmhéine bhearta LU-C[2A]-I[I1] (Infheistíocht: Scéim tacaíochta maidir le pointí athluchtaithe) agus LU-C[2B]-I[R1] (Athchóiriú agus Infheistíocht: 'Naturpakt'). Thairis sin, cuireadh beart LU-C[4A]-I[I4] (Infheistíocht 4: Beart méadaithe: Infheistíocht [2A-I1] Scéim tacaíochta maidir le pointí athluchtaithe) leis an bplean.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Is éard atá sna bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha méid arb ionann é agus 26,5 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(15) Leanann na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe de bheith ag rannchuidiú go mór leis an aistriú digiteach trí roinnt infheistíochtaí lena ndéantar an riarachán poiblí agus an cúram sláinte a dhigitiú.

*Measúnú dearfach*

(16) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, measúnú inar cinneadh go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, ba cheart iad a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, maille leis an méid a chuirfidh an tAontas ar fáil chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(17) Is é EUR 241 100 776 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe Lucsamburg. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe cothrom leis an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil do Lucsamburg, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe Lucsamburg, ba cheart an ranníocaíocht sin a bheith comhionann le EUR 241 100 776. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil do Lucsamburg.

(18) Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán.

---

[6] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

(19) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a dhéanamh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraíonn sé an ceanglas atá ar na Ballstáit na bearta a chur chun feidhme i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus, go háirithe, fógra a thabhairt don Choimisiún faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann faoi Airteagal 108 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe Lucsamburg a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ard-Diúcacht Lucsamburg.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*